Measúnú i mBunscoileanna a Thacú:

Trialacha Caighdeánaithe

Is féidir na nod-cheisteanna thíos a úsáid chun tacú leat sa phlé ar na pointí ar leith a tháinig chun cinn i seimineár an lae inniu.

Seisiún 1:

- An mbaintear úsáid as raon modhanna measúnaithe chun an measúnú a larnú mar dhlúthchuid den teagasc agus den fhoghlaim?
- An bhfuil bhúr scoil ag breathnú ar an acmhainneacht a bhaineann le Measúnú **na** Foghlama agus Measúnú **don** Fhoghlaim?
- An lonnaíonn ár scoil na trialacha caighdeánaithe laistigh de chomhthéacs níos leithne ar mheasúnú?
- Cé na trialacha caighdeánaithe a úsáidtear in ár scoil? Cé na ranganna ina ndéantar iad a riaradh?
- An bhfuil tacaí curtha i dtreo againn don tástáil i suímh ranga ilghrád?
- Cé dhéanann na trialacha caighdeánaithe a riaradh agus a scóráil? An bhfuil tacaí curtha i dtreo againn chun meantóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí nua?
- An bhfuil na trialacha oiriúnach do na leanaí go léir sa scoil?
- Cé na cleachtais atá i dtreo chun freastal ar dhaltaí a bhfuil díolúintí acu? Conas mar a tharlaíonn sé go bhfaigheann dalta díolúine? Conas mar is féidir linn a dheimhiú go ndéantar measúnú ar dhalta a fhaigheann díolúine?

Seisiún 2:

- Cé a bhíonn páirteach sa léirmhíniú ar thrialacha caighdeánaithe agus conas mar is féidir linn éascaíocht a dhéanamh air seo inár scoil?
- Conas mar a dheimhníonn ár scoil go ndéantar an t-eolas ar na trialacha a aistriú ó mhúinteoir ranga amháin go dtí múinteoir ranga eile?
- An ndéantar na trialacha caighdeánaithe a léirmhíniú ag leibhéal **ranga uile**?
- An ndéantar na trialacha caighdeánaithe a léirmhíniú ag leibhéal an **duine aonair**?
- An ndéantar na trialacha caighdeánaithe a léirmhíniú ag leibhéal na **scoile uile**?
- An bhfuil córas i dtreo againn chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a déantar thar thréimhse ama sna spriocanna atá leagtha síos?

Seisiún 3:

- Cé na torthaí a cláraítear in ár scoil agus an bhfuil cleachtais againn chun torthaí na ndaltaí a leanúint thar thréimhse ama?
- Cathain, agus conas, a déantar na torthaí a chur in iúl do thuismitheoirí?
- Cé na scóranna a cuirtear in iúl do thuismitheoirí agus an bhfuil comhthuiscint i measc na foirne maidir leis na scóranna seo agus an cur síos a déantar orthu?
- Cé atá freagrach as aistriú éifeachtach an eolais ó mhúinteoir ranga go múinteoir ranga agus cathain a tharlaíonn sé seo?
- Cé chomh fada agus a déantar na torthaí a stóráil in ár scoil?
- An ndéantar na torthaí a stóráil go leictreonach nó mar chrua-chóip?